# Sealbhú na Gaeilge sna Luath-Bhlianta

An Dr Máire Mhic Mhathúna

Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

# Forléargas ar an gcaint

- Na Naíonraí Gaelacha
- Réasúnaíocht a bhain le bunú naíonraí
- Obair na gceannródaithe sna blianta tosaigh
- Athruithe sa tsochaí agus san earnáil luath-óige
- Athruithe maidir le tacaíocht
- Príomhpholasaithe luath-óige agus teanga atá i bhfeidhm inniu
- An staid atá anois ann agus taighde idir lámha
- An todhchaí

# Stair na Naíonraí

- Bunaíodh an cumann Na Naíscoileanna Gaelacha in 1974 (Na Naíonraí Gaelacha ó 1979) chun freastal ar an líon naíonraí a bhí ag fás ó dheireadh na 60í, sin 50 bliain ó shin i mbliana
- Cumann deonach a bhí ann a thuig go raibh gá ag oideoirí na Gaeilge le tacaíocht chun réamhscoileanna a reáchtáil ar mhaithe le deiseanna sealbhaithe teanga a chur ar fáil do pháistí óga
- Tháinig cuid den inspioráid ón mBreatain Bheag, áit ar bunaíodh naíonraí Breatnaise sna 1960í, cuid eile ó na grúpaí spraoi ag an IPPA agus an spreagadh is mó b'fhéidir ó lucht Ghluaiseacht an Gaeilge.
- Bhíodar buartha faoin laghdú a bhí ag teacht ar oideachas trí Ghaeilge le dúnadh an gcoláistí ullmhúcháin agus líon na Scoileanna A agus ranganna naíonán a bhí ag teagasc trí Ghaeilge ag titim


# Bunú agus tacú le naíonraí

- Bhí bealach nua ag teastáil chun an Ghaeilge a chur chun cinn
- Thug Conradh na Gaeilge, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus Comhdháil Cheilteach na nÓg cuireadh do chainteoirí iomráiteacha ón mBreatain Bheag chun labhairt faoin mbealach nua seo: grúpaí spraoi trí Bhreatnais
- Bhí na chéad naíonraí lonnaithe sa tSionainn, Baile Átha Luain, Baile Átha Cliath agus Corcaigh. Naíonraí féinfhostaithe a bhí iontu.
- Tacaíocht ó Bhord na Gaeilge (anois Foras na Gaeilge) chun struchtúr níos foirmeálta a chur ar bun. An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1978: Bord na Gaeilge & Na Naíonraí Gaelacha

# An Comhchoiste Réamhscolaíochta

- Príomh-Oifigeach
- Foilseacháin: *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí*, dlúthdhioscaí *Maidin sa Naíonra, Damhsa na gCoiníní*,
- Cúrsaí oiliúna: An Dianchúrsa, bunaithe ar shealbhú teanga, tumoideachas agus foghlaim trí spraoi
- Scéim Árachais do naíonraí
- Comhairleoirí: cuairt ar naíonraí chun tacaíocht agus comhairle a thabhairt do na stiúrthóirí
- Ag cur dioscúrsa ar fáil trí Ghaeilge sa réimse nua seo

# Líon na Naíonraí in 2011: 180 lasmuigh den Ghaeltacht



# Naíonraí na Gaeltachta

- Bunaíodh an chéad naíonra sa Ghaeltacht, ar an gCeathrú Rua, i 1978
- Deontas beag ó Ghaeltarra Éireann (anois Údarás na Gaeltachta)
- Tacaíocht do oibrithe agus bainistíocht sna comhlachtaí Gaeltachta
- D’fhás na huimhreacha de réir a chéile, le coistí deonacha áitiúla
- Bhí na stiúrthóirí fostaithe ag an Údarás
- Bunaíodh Seirbhísí Naíonraí Teo 1997 chun seirbhísí pá etc. a bhainistiú
- Comhar Naíonraí na Gaeltachta in 2004 chun bainistiú ar réimse oibre níos leithne (naíolann, clubanna bricfeasta, clubanna iarscoile, grúpaí tuismitheoirí agus leanaí); 5 oifigeach forbartha fostaithe

# Na prionsabail teangeolaíochta

- Forbairt iomlán an pháiste trí Ghaeilge agus trí spraoi
- Na páistí: ag sealbhú teanga trí í a úsáid
- Na stiúrthóirí: ag tacú agus ní ag teagasc go díreach
- Cumarsáid a bhí i gceist i dtimpeallacht spreagúil
- Caint na stiúrthóirí bunaithe ar fhoclóir agus ar fhrásaí pleanáilte a bhain leis na gníomhaíochtaí agus le riachtanais cainte na bpáistí
- Rannta agus amhráin, cuid acu traidisiúnta, cuid acu nua chumtha don suíomh nua seo, sa mhúnla traidisiúnta
- ‘Ni raibh a thuilleadh aistriúcháin ar Humpty Dumpty as teastáil’

# Athruithe sa Réimse Luath-Óige

- Ní raibh rialacha ná rialacháin sa réimse Luath-Óige nuair a thosaigh na naíonraí ach tháinig athruithe air sin de réir a chéile
- Bhí an réimse ag leathnú trí Ghaeilge agus trí Bhéarla níos mó fós
- Acht agus Rialacháin um Chúram Leanaí 1991/1996/1999 agus 2006
- Cosaint Leanaí: *Tús Áite do Leanaí* 1999/2011; *Ár nDualgas Cúraim* 2002
- *Síolta* 2006 agus *Aistear* 2009/2025; Cearta an Pháiste: UNCRC 1992
- Na Chéad 5 agus Scileanna Cothaithe, plean domlucht saothair san earnáil Luath-óige
- Bliain amháin saor réamhscoile 2010; dhá bhliain in 2018
- Athruithe sa chóras iontrála sa bhunscoil, Acht Oideachas 2018

# Gairmiúlacht: Cigireacht agus Maoiniú

- Cigireacht ag TUSLA agus An Roinn Oideachais;
- Scéimeanna Maoinithe: 4+ cinn
- Pobal: scéimeanna éagsúla
- Chun tairbhe a baint as na scéimeanna, caithfear critéir éagsúla a chomhlíonadh. Riachtanach ach post ann féin
- Deacair do naíonra beag é a láimhseáil
- Oiliúint: Cáilíochtaí ag Leibhéal 5 do chúntóirí, Leibhéal 6 do phríomh-oideoirí; Cáilíochtaí céime ag Leibhéal 7 agus 8
- Modúil faoi shealbhú na Gaeilge ar chúpla cúrsa ag Leibhéal 8

# Forbairt Naíonraí Teo.

- Bunaíodh Forbairt Naíonraí Teo. 2003 chun leanúint ar aghaidh le hobair an Chomhchoiste.
- Leanadh leis an obair chéanna ach de réir a chéile tháinig meath ar thacaíocht ó Fhoras na Gaeilge idir 2008 agus 2014
- Géarchéim airgeadais ó 2008
- Deireadh le comhairleoirí FNT in 2008
- Deireadh le fordheontas do naíonraí
- Deireadh iomlán leis an gcúrsa oiliúna 'An Dianchúrsa' in 2013/14
- Bhíodh modúil ar Shochtheangeolaíocht agus Úsáid na Gaeilge le Páistí Óga á gcur ar fáil trí Ghaeilge ag FNT (aitheanta ag CDBÓ/FETAC)

# Na hEagrais Anois

- An tSamhail Nua Maoinithe ag Foras na Gaeilge 2014: cuireadh naíonraí isteach faoi choimirce Gaelscoileanna (Gaeloideachas anois) agus cuireadh deireadh le FNT mar eagras neamhspleách
- Deireadh le maoiniú post riaracháin in FNT ón Roinn Leanaí 2014/15
- Gaeloideachas: tacaíocht, áiseanna agus comhairle ar fáil do naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht agus cabhair chun naíonra nua a bhunú
- Pleananna acu chun cur leis an tacaíocht le maoiniú breise a fuarthas le déanaí
- Gaeilge don Naíonra: cúrsa ar líne ag gaeilgedonnaionra.ie
- Acmhainní:  https://gaeloideachas.ie/acmhainni-naionra/?lang=ga

# Na hEagrais Anois

- Comhar Naíonraí: tacaíocht trí oifigigh forbartha (5) a thugann cuairt ar naíonraí, áiseanna agus seirbhísí oifige
- http://comharnaionrai.ie/
- Sonraí teagmhála faoi naíonraí ar fud na Gaeltachta, féach suíomh idirlín
- Eolas do thuismitheoirí agus d’ oideoirí, leabhair agus sonraí teagmhála na n-oifigí forbartha
- Altram: ó thuaidh, tacaíocht, oiliúint, oifigigh forbartha agus eolas faoi ranganna Gaeilge, naisc chuig seirbhísí eile luath-óige
- https://www.altram.org/

# Méid an tSoláthair trí Mheán na Gaeilge 2023

## (Suirbhé Roinn na Leanaí 2023)

| Méid ana tSoláthair trí Mheán na Gaeilge | Gaeltacht | Taobh amuigh den Ghaeltacht | Freagairtí Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Suíomh Lan-Ghaeilge** | **79** | **53** | **132** |
| **Suíomh measctha** | **8** | **63** | **71** |
| **Suíomh Lán-Bhéarla agus roinnt Gaeilge in úsáid** | **4** | **75** | **80** |
| **Suíomh Lán-Bhéarla** | **1** | **34** | **35** |

# Anailís

- *Suirbhé ar Sholáthar i suímh Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí Aois Scoile Lán-Ghaeilge. Tuarascáil*. Roinn na Leanaí, 2023
- Titim i líon na naíonraí lán-Ghaelacha lasmuigh den Ghaeltacht ó 180 sa bhliain 2011 go dtí 53 in 2023
- Bhí éifeacht ag an easpa tacaíochta, idir airgead, easpa oiliúna ó Feabhra 2014 agus easpa comhairle agus cabhrach ó chomhairleoirí FNT
- Ag an am céanna, tháinig méadú ar an rialacha agus rialacháin sa mhéid go raibh sé deacair ar naíonra beag an tseirbhís a chur ar fáil agus cloí leis na rialacháin

# Seirbhísí níos leithne

- D'éirigh le Comhar Naíonraí leanúint ar aghaidh mar bhí struchtúr agus tacaíocht acu.
- Gá féachaint ar inbhuanaitheacht naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht mar sheirbhísí pháirt-aimseartha
- Eiseamláir ón nGaeltacht: naíolanna, clubanna bricfeasta agus clubanna iarscoile i gcomhpháirtíocht le bunscoileanna, i dtreo cúram lae iomlán
- Bíonn roinnt tuismitheoirí ag lorg cúram lae de shaghas eile dá bpáistí
- Naíolanna agus feighlithe leanaí trí Ghaeilge: fíorbheagán ann ach spéis ag tuismitheoirí sa tseirbhís seo: 76%; naíolann: 78% (Ní Thuairisg, 2022).

# An Todhchaí

- 'Plean Cuimsitheach Gníomhaíochta chun forbairt agus cur chun cinn Sholáthar Gaeilge i suímh Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile', á ullmhú ag Roinn na  Leanaí.
- Taighde: léirbhreithniú córasach ar an litríocht i 4-5 tír faoi shealbhú agus shaibhriú mionteangacha agus ilteangachas sa chóras luath-óige
- Comhairliúchán: ceistneoirí, grúpaí fócais, agallaimh le daoine sa chóras: Coláiste Mhuire gan Smál

# Príomh-mholtaí ón léirbhreithniú

- **Feasacht Teanga** mar choincheap uileghabhálach: saibhriú T1 agus sealbhú T2
- Baineann sé seo go dlúth le féiniúlacht agus le forbairt an pháiste
- Aird a thabhairt ar theangacha eile sa teaghlach agus sa tsochaí
- **Oiliúint** a chur ar fáil maidir le **tuiscint** ar shealbhú teanga agus foghlaim T2
- Bealaí éagsúla chun an tuiscint seo a chur i bhfeidhm: tumoideachas, páirt-thumoideachas agus FCÁT: oiliúint faoi leith i ngach chás
- Conas bainistíocht a dhéanamh ar naíonraí ina bhfuil leibhéil éagsúla Gaeilge ag na páistí: cainteoirí dúchais, páistí dátheangacha agus tosaitheoirí

# Moltaí

- **Meantóirí:** tá siad sa Ghaeltacht cheana féin agus tá gá leo sa chuid eile den tír chun cabhair, comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil don obair leis na páistí, le riarachán agus le torthaí cigireachta, más gá.
- **Oiliúint don Oiliúnóir** agus do na hoideoirí
- **Oiliúint sa réim Ghaeilge** a bhaineann le hobair an naíonra. Spéis ag daoine a líon an suirbhé do Roinn na Leanaí
- **Pá agus coinníollacha oibre** ceart a bheith ar fáil do gach oideoir agus breis pá do dhaoine le cáilíochtaí breise
- Aird a thabhairt ar theangacha eile sa phobal trí theagmháil le grúpaí ionadaitheacha chun a fháil amach cad atá ag teastáil uathu maidir le sealbhú na Gaeilge

# Tuismitheoirí

- **Comhpháirtíocht le tuismitheoirí**: eolas faoi naíonraí a chur ar fáil
- Deis a aimsiú chun rannpháirtíocht tuismitheoirí agus sean-tuismitheoirí a láidriú, **cúrsaí sa Ghaeilge** a chur ar fáil faoin réim Ghaeilge is féidir a úsáid sa bhaile, i bpáirt le bunscoileanna, b'fhéidir
- **Méadú ar líon na naíonraí**: sprioc méadú 15% taobh istigh de 5 bliana agus méadú 25% taobh istigh de 10 mbliana
- Naíonra ag gach gaelscoil /scoil Ghaeltachta agus gaelscoil/scoil Ghaeltachta ag gach naíonra
- Naisc a chothú idir bhunscoileanna agus naíonraí ag aithint an sainchultúr ag an dá earnáil (Polasaí don Oideachas Gaeltachta)

# Clár TG4: ‘Naíonra’

- Dóchas go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí trí thacaíocht, trí airgeadas agus trí chomhairle
- Tiocfaidh a thuilleadh moltaí ón gComhairliúchán agus ón bplé
- Ainneoin gach deacracht, tá obair an-mhaith ar bun in an-chuid naíonraí ar fud na tíre
- Cuid de le feiceáil ar chlár ‘Naíonra’ ar TG4 ar an gCéadaoin 16ú Deireadh Fómhair ag 9:30pm
- Míreanna físe ón gclár ar fáil ar Foghlaim TG4 ag
- **https://foghlaim.tg4.ie/bunscoil**

# Tagairtí


- Mhic Mhathúna, M. & Mac Con Iomaire, M. (2022). Early childhood education and care provision through the medium of the Irish language. In N. Hayes & T. Walsh, *Early Childhood Education and Care in Ireland.* Oxford: Peter Lang.
- Ní Thuairisg, L. (2022) *Suirbhé ar Sheirbhísí Teaghlaigh sa Ghaeltacht.* Gaillimh: Tuismitheoirí na Gaeltachta.
- Roinn na Leanaí (2023) *Suirbhé ar Sholáthar i suímh Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí Aois Scoile Lán Ghaeilge. Tuarascáil.*